An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail
The National Office for Community Safety

Creat cumasúcháin le haghaidh sábháilteacht pobail

An Straitéis Náisiúnta le haghaidh Sábháilteacht Pobail a Fheabhsú

2026 – 2030

Dréachtdoiciméad atá faoi réir próiseas breithniúcháin

Fís

Obair le chéile chun pobail shábháilte athléimneacha a chruthú in Éirinn inar féidir le gach duine – beag beann ar cé hiad agus cá bhfuil siad – a bheith sábháilte agus a mhothú go bhfuil siad sábháilte

Prionsabail

Tá creat na straitéise náisiúnta fréamhaithe i gcúig phríomhphrionsabal.

Is iad na prionsabail sin an bonn le haghaidh forbairt beartais, soláthar seirbhíse, obair chomhpháirtíochta, cinnteoireacht, agus caidreamh leis an bpobal ar fud thréimhse feidhme na straitéise seo. Tá siad idircheangailte agus tá siad mar bhonn agus thaca ag gach ceann de na cúig chumasóir.

Cosc agus Luath-Idirghabháil	Comhoibriú agus Iontaoibh	Áitbhunaithe agus Sonrach don Chomhthéacs	Cinnteoireacht atá leabaithe sa phobal	Cur Chuige Comhtháite
Tá cur chuige coisctheach agus luath-idirghabhála ina chuid bhunriachtanach de shábháilteacht pobail a fheabhsú agus den neamhchosaint ar choireacht, dochar, leochaileacht, agus eisiamh sóisialta a laghdú	*Comhoibriú fiúntach rannpháirtíoch agus cothú iontaoibhe mar bhunchloch an choisc agus na luath-idirghabhála*	*Cineálacha cur chuige atá bunaithe ar eolas áitiúil agus áitbhunaithe agus atá ag teacht leis na láidreachtaí, na dúshláin, na heispéiris, agus na tosaíochtaí ar leith atá ag pobail ar fud na hÉireann*	*Ba cheart do phobail a bheith ina gcomhpháirtithe gníomhacha maidir leis na cinntí, na beartais, agus na freagairtí a dhéanann difear dá saol a mhúnlú. Pobail a aithint, ní hamháin mar fhaighteoirí seirbhísí, ach mar chomhpháirtithe riachtanacha maidir le torthaí sábháilteachta pobail a fheabhsú freisin*	*Chun sábháilteacht pobail a fheabhsú, teastaíonn gníomhaíocht chomhordaithe agus chomhleanúnach ar fud Ranna Rialtais, comhlachtaí seirbhíse poiblí, údaráis áitiúla, pobal, na sochaí sibhialta, agus geallsealbhóirí eile*

Na Cúig Chumasóir

Tá cúig phríomhchumasóir mar bhonn agus thaca ag an straitéis seo atá riachtanach chun a fís a bhaint amach. Is iad na cumasóirí sin na dálaí a fhágann gur féidir le pobail agus le daoine a bheith sábháilte agus a mheas go bhfuil siad sábháilte – agus dul faoi bhláth. Treisíonn siad a chéile, agus iad ag cruthú éiceachóras le haghaidh sábháilteacht pobail lena dtugtar cumhacht do sheirbhísí poiblí agus do phobail obair le chéile go héifeachtach chun sábháilteacht pobail a fheabhsú ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal réigiúnach, agus ar leibhéal náisiúnta.

Clár Ábhar

Fís 2

Brollach ón Aire/ó na hAirí 6

Achoimre Fheidhmeach 6

1. Cúlra agus comhthéacs 7

2. An bonneagar náisiúnta sábháilteachta pobail 8

2.1. An Straitéis Náisiúnta le haghaidh Sábháilteacht Pobail a Fheabhsú ... 8

2.2. An Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail 9

2.3. An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail 10

2.4. Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla 10

2.5. Na dualgais ar chomhlachtaí seirbhíse poiblí 12

3. Conas a d'fhorbraíomar an straitéis seo 13

4. Na nithe a chualamar 13

5. Prionsabail 16

6. Cumasóirí na sábháilteachta pobail 19

6.1. Pobail atá rathúil, ceangailte, agus cumhachtaithe 20

6.2. Áiteanna agus spásanna atá sábháilte agus ionchuimsitheach 23

6.3. Freagairtí saincheaptha ar mhaithe le pobail níos sábháilte 26

6.4. Seirbhísí poiblí atá freagrúil, comhoibríoch agus ag feidhmiú go maith 29

6.5. Cinnteoireacht fhianaisebhunaithe 32

7. Cur chun feidhme agus faireachán 35

8. Acmhainniú 36

9. Aguisíní 38

9.1. Aguisín I – Comhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha 38

9.2. Aguisín II – an tírdhreach áitiúil – struchtúir agus cláir áitbhunaithe 39

9.3. Aguisín III – Comhairliúchán agus caidreamh 42

9.4. Aguisín IV - An Timpeallacht Beartais 46

DRAFT

“Níl aon réiteach amháin ann a oireann do chách, ní gá go mbaineann sé le cur chuige ó bharr anuas nó ó bhun aníos, baineann sé le comhpháirtíocht, baineann sé le comhoibriú, baineann sé le bheith ag obair le chéile, baineann sé le bród a bheith orainn as a chéile. Is freagracht chomhchoiteann í sábháilteacht pobail.”[1]

Brollach ón Aire/ó na hAirí

<le cur i gcrích roimh an bhfoilsiú críochnaitheach>

Achoimre Fheidhmeach

<le cur i gcrích roimh an bhfoilsiú críochnaitheach>

[1] Fóram Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Iarthair Láir, aighneachtaí i scríbhinn

1. Cúlra agus comhthéacs

Tuigtear sábháilteacht pobail níos mó agus níos mó trí chreat iomlánaíoch lena gcuimsítear cosc ar an gcoireacht, an tsláinte, an fholláine, an comhshaol, agus an cuimsiú sóisialta. An tírdhreach beartais don tuiscint níos leithne sin ar shábháilteacht pobail mar fhreagracht uile-rialtais agus uile-shochaí, tá sé ag teacht chun cinn in Éirinn ó foilsíodh an tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn sa bhliain 2018 i leith, rud ar mar thoradh air a tosaíodh i mí Aibreáin 2025 an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, faoinar forbraíodh an straitéis náisiúnta seo.

Aistear an bheartais sábháilteachta pobail	
An Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn (2018)	Níl sábháilteacht pobail de fhreagracht ar an nGarda Síochána amháin, agus teastaíonn ina leith **comhar ilghníomhaireachta** agus póilíneacht a bheith á déanamh i **gcomhpháirt le pobail**
An Beartas Sábháilteachta Pobail (2021)	Is é atá i gceist le sábháilteacht pobail ná an coincheap arb éard é daoine **a bheith sábháilte** agus a bheith **ag meas go bhfuil siad sábháilte**. Chun feabhas a chur ar shábháilteacht pobail, teastaíonn **cur chuige ilearnála**, **comhoibriú** láidir idirghníomhaireachta, agus **idirphlé réamhghníomhach** leis an bpobal
Treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla (2021-2024)	Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath, an Longfort agus Port Láirge Rinneadh meastóireacht neamhspleách orthu Bhí siad freagrúil do riachtanais **áitiúla** D'fhorbair siad **pleananna áitiúla um shábháilteacht pobail** a bhí saincheaptha
An tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024	Tosaíodh é an 2 Aibreán 2025

DRÉACHT

	Tá oibleagáidí reachtúil ann aird a thabhairt ar **dhochar a chosc** agus **comhoibriú le chéile** ar mhaithe le pobail níos sábháilte a chruthú Bunaítear leis an bonneagar chun tacú le sábháilteacht pobail

2. An bonneagar náisiúnta sábháilteachta pobail

Le tosú an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 ('an tAcht'), an 2 Aibreán 2025, bunaíodh bonneagar náisiúnta agus áitiúil iomlán chun tacú le samhail iomlánaíoch sábháilteachta pobail, ar samhail í atá dírithe ar chomhoibriú ilghníomhaireachta, ar dhochar a chosc, agus ar phobail a chumhachtú chun a dtuairimí a chur in iúl maidir le saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta pobail ina limistéar.

Tá bunú an bhonneagair sábháilteachta pobail sin uaillmhianach agus ceannródaíoch, agus sábháilteacht pobail á haistriú ó shamhail láraithe póilíneachta ina freagairt ilghníomhaireachta faoi stiúir an phobail. Trí oibleagáid a chur ar chomhlachtaí earnála poiblí obair le chéile, agus le pobail, chun sábháilteacht pobail a fheabhsú, sainordaítear leis an t-aistriú sin ar an díriú agus neartaítear leis an ról atá ag pobail maidir le freagairtí do shaincheisteanna atá tábhachtach dóibh a shainaithint.

2.1. An Straitéis Náisiúnta le haghaidh Sábháilteacht Pobail a Fheabhsú

Is príomhcholún laistigh den bhonneagar sábháilteachta pobail í an straitéis náisiúnta, agus í ar an gcreat beartais chun tacú le comhlachtaí seirbhíse poiblí agus le pobail obair le chéile ar bhealach comhordaithe chun sábháilteacht pobail a fheabhsú ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal réigiúnach, agus ar leibhéal

náisiúnta. Is é atá inti ná gealltanas uile-rialtais gan fasach chun sábháilteacht pobail a ath-shainmhíniú agus a fheabhsú in Éirinn.

Leis an gcreat beartais seo:

- cuirtear cineálacha ildisciplíneacha cur chuige agus comhoibriú idir gníomhaireachtaí seirbhíse poiblí chun cinn;
- tugtar páirt do phobail i straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun sábháilteacht pobail a fheabhsú ina gceantar;
- tacaítear le comhtháthú le straitéisí náisiúnta agus áitiúla eile is iomchuí maidir le sábháilteacht pobail.

2.2. An Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail

Is príomhcholún sa bhonneagar sábháilteachta pobail é an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail (‘an Grúpa Stiúrtha’). Tugtar le chéile sa ghrúpa ionadaithe sinsearacha ó naoi roinn Rialtais, agus ó ghníomhaireachtaí a bhfuil sainchúram sábháilteachta pobail orthu, amhail Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Tusla, an Garda Síochána, údaráis áitiúla, an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail, agus Cuan – an Ghníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe. Tá tuilleadh mionsonraí faoi chomhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha ar fáil in Aguisín I.

Gníomhaíonn an Grúpa Stiúrtha mar chomhordaitheoir agus mar chumasóir; agus é ag cothú dálaí chun comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta a chumhachtú chun pobail níos sábháilte agus níos athléimní a chruthú

- trí chur chuige coiteann réitigh fadhbanna,
- trí chomhoibriú ionchuimsitheach, agus
- trí ghníomhaíocht chomhordaithe fhianaisebhunaithe atá bunaithe ar riachtanais na bpobal féin.

Príomhfheidhm de chuid an Ghrúpa Stiúrtha is ea rath na straitéise náisiúnta a bhrú chun cinn, faireachán a dhéanamh air agus é a thomhas ó thaobh na bhfíorbhuntáistí marthanacha do phobail in Éirinn de, rud a fhágann go bhfuil ról ceannaireachta straitéisí ag an nGrúpa Stiúrtha i gcur i gcrích na straitéise náisiúnta.

2.3. An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail

Is í an Oifig Náisiúnta an comhlacht lárnach comhordúcháin don bhonneagar sábháilteachta pobail, agus í ag tacú le cur i gcrích na straitéise náisiúnta agus an mhórchreata sábháilteachta pobail ar na bealaí seo a leanas:

- **an straitéis náisiúnta a bhrú chun cinn** trí chláir oibre bhliantúla a fhorbairt chun an straitéis a chur i gcrích, trí fhaireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme, trí thacú le cur i gcrích comhoibríoch, agus trí thuairisciú don Ghrúpa Stiúrtha ar gach ceann díobh sin.
- **tacú le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta** trí oiliúint, treoir agus tacaíocht a sholáthar – lena n-áirítear maidir le pleananna áitiúla um shábháilteacht pobail a dhearadh agus a chur i gcrích.
- **faireachán a dhéanamh ar phleananna áitiúla um shábháilteacht pobail** trí shásraí tuairiscithe agus meastóireachta a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chun feidhme ar leibhéal na Comhpháirtíochta Sábháilteachta aonair agus ar leibhéal comhchoiteann.
- **taighde a choimisiúnú agus feasacht a chur chun cinn** ar shaincheisteanna sábháilteachta pobail, lena n-áirítear tríd an gCiste um Shábháilteacht Pobail a riar.

Chun an méid sin a chumasú, oibríonn an Oifig Náisiúnta, arb oifig de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce í, ar bhealach comhoibríoch le comhpháirtithe san earnáil reachtúil agus san earnáil pobail.

2.4. Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla

Tá Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla ('Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta') ina bhfóram chun cúrsaí sábháilteachta pobail arb ábhar imní iad a phlé agus chun cineálacha cur chuige comhleanúnacha comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i ngníomh ar mhaithe le feabhas a chur ar chúrsaí sábháilteachta pobail ar leibhéal áitiúil. Is struchtúir chomhoibríocha iad ina n-oibríonn comhlachtaí reachtúla agus ionadaithe pobail i gcomhpháirt chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sábháilteachta pobail i limistéar riaracháin na Comhpháirtíochta Sábháilteachta.

Bunaíodh 36 Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúla san iomlán, i ngach limistéar údaráis áitiúil, lena n-áirítear cúig cinn i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus dhá cheann i limistéar Údaráis Áitiúil Fhine Gall.

Tugtar sainordú do gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta dul i gcomhairle lena bpobal agus plean áitiúil um shábháilteacht pobail á fhorbairt acu chun feabhas a chur ar chúrsaí sábháilteachta pobail sa limistéar iomchuí. Is cuid bhunriachtanach den bhonneagar sábháilteachta pobail iad na pleananna áitiúla um shábháilteacht pobail ó Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta. In ionad cur chuige láraithe ó bharr anuas, tacaíonn siad le freagairt shaincheaptha do na riachtanais sábháilteachta a bhíonn ag pobail áitiúla. Ós pleananna gníomhaíochta a bhfuil spriocanna soiléire intomhaiste acu iad, cuirtear ar chumas an phobail leo an cur i gcrích a rianú, rud a chuireann le cuntasacht agus le hiontaoibh an phobail i soláthraithe seirbhíse.

Glacann Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta cur chuige áitbhunaithe agus, mar sin de, ní mór dóibh comhoibriú agus comhordú a dhéanamh freisin le gníomhaireachtaí, seirbhísí agus struchtúir chomhpháirtíochta iomchuí a oibríonn ina limistéar riaracháin maidir le gníomhartha laistigh dá bplean a fhorbairt agus a chur i gcrích. Féach Aguisín II le haghaidh samplaí de chláir agus de struchtúir a oibríonn sa tírdhreach áitiúil áitbhunaithe céanna ina n-oibríonn Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta.

Ós iad an príomhghníomhaire seachadta le haghaidh cur chuige comhoibríoch atá á bhrú chun cinn ag an bpobal i leith sábháilteacht pobail ar leibhéal áitiúil iad, imríonn Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta ról lárnach in aghaidh a thabhairt ar roinnt de na dúshláin atá os comhair pobail ar fud na tíre. Agus iad ag baint leas as beartais áitiúla agus náisiúnta, as pleanáil, agus as cistiú, cinntíonn siad go mbíonn an soláthar seirbhíse ag teacht le riachtanais áitiúla. Agus leas á bhaint acu as acmhainní comhchoiteanna na gcomhpháirtithe rannpháirteacha, cinntíonn siad go mbíonn idirghabhálacha á ndéanamh go réamhghníomhach ag an tseirbhís atá sa riocht is fearr chun iad a dhéanamh, agus an méid sin a dhéanamh ar bhealach comhleanúnach comhtháite le seirbhísí eile.

2.5. Na dualgais ar chomhlachtaí seirbhíse poiblí

Le halt 118 den Acht, cuirtear dualgas reachtúil ar chomhlachtaí seirbhíse poiblí bearta réasúnacha a dhéanamh chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu agus comhoibriú le chéile chun é sin a dhéanamh. Soláthraítear leis an dualgas sin sásra tábhachtach chun cúinsí sábháilteachta pobail a leabú isteach i bhforbairt beartais, i soláthar seirbhíse, i bpleanáil, agus i leithdháileadh acmhainní. Neartaítear leis an cuntasacht as torthaí sábháilteachta pobail agus tacaítear leis le cur chuige uile-rialtais i leith an choisc, na comhpháirtíochta agus na luath-idirghabhála. Is léiriú é sin ar mhórathrú i dtreo sábháilteacht pobail a aithint mar fhreagracht uile-rialtais agus uile-shochaí, rud ar ina leith a theastaíonn cineálacha fadtéarmacha, coisctheacha agus comhoibríocha cur chuige lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna an dochair agus lena dtacaítear le pobail níos sábháilte, níos láidre, agus níos ceangailte.

3. Conas a d'fhorbraíomar an straitéis seo

Is í an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail a stiúir forbairt na straitéise náisiúnta seo. Bhain an Oifig Náisiúnta leas as treoir agus ionchur saineolach an Ghrúpa Stiúrtha chun pleanáil a dhéanamh le haghaidh fhorbairt agus chur i gcrích na Straitéise Náisiúnta. Bhí an próiseas chun an straitéis a fhorbairt bunaithe ar chaidreamh fiúntach leis an bpobal agus le geallsealbhóirí, ar chomhoibriú trasearnála, agus ar fhoghlaim ón taithí náisiúnta agus ón dea-chleachtas idirnáisiúnta araon. Tugadh faoi phróiseas atriallach, agus gach babhta caidrimh ag feidhmiú mar bhonn eolais faoin gcéad bhabhta eile. Bhí roinnt deiseanna ann chun rannchuidiú leis an straitéis náisiúnta agus aiseolas a thabhairt uirthi ar fud an phróisis sin.

Agus an straitéis seo á forbairt, tugadh aird chuí ar an Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine le linn an próiseas sin a dhearadh.

Tá tuilleadh mionsonraí faoin bpróiseas comhairliúcháin agus caidrimh tugtha in Aguisín III.

4. Na nithe a chualamar

"Ní coincheap a oireann do chách é sábháilteacht pobail, rud a fhágann go bhfuil sé doiligh é a shainmhíniú."[2]

Is coincheap leathan iltoiseach nach féidir a ghabháil trí shainmhíniú seasta amháin í sábháilteacht pobail. Is féidir le heispéiris agus dearcthaí i leith sábháilteacht pobail a bheith an-difriúil idir daoine aonair, pobail, agus áiteanna, agus iad múnlaithe ag mórdhálaí sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus institiúideacha.

[2] An tÚdarás Náisiúnta Míchumais, aighneachtaí i scríbhinn

Cuimsítear le sábháilteacht pobail eispéiris oibiachtúla na sábháilteachta, lena n-áirítear neamhchosaint ar choireacht, ar dhochar, agus ar iompar frithshóisialta, agus rioscaí comhshaoil, agus eispéiris shuibiachtúla, lena n-áirítear an bhraistint sábháilteachta, mhuiníne, chómhuintearais, agus iontaoibhe atá ag daoine laistigh dá bpobail.

Na heispéiris maidir lena bhfuil i gceist le sábháilteacht pobail ó thaobh cúrsaí praiticiúla de, níl siad aonfhoirmeach agus d'fhéadfadh siad a bheith éagsúil ar fud pobal nó ar fud grúpaí daonra. Is féidir le tosca amhail aois, míchumas, tithíocht, inscne, stádas socheacnamaíoch, eitneacht, geografaíocht, sláinte, agus eisiamh sóisialta tionchar a imirt ar an dóigh a dtuigtear sábháilteacht pobail agus ar na hacmhainní, na tacaí, agus na deiseanna atá ar fáil chun freagairt.

Ar fud na sásraí éagsúla comhairliúcháin – suirbhé ar líne ar shábháilteacht pobail, seisiúin caidrimh halla baile, aighneachtaí i scríbhinn ó gheallsealbhóirí, fócasghrúpaí – chualamar arís agus arís eile conas a eispéiríonn grúpaí difriúla an tsábháilteacht pobail ar bhealach difriúil. Aithníodh go bhfuil leochaileachtaí breise ag roinnt díobh maidir leis an eispéireas sa tsábháilteacht pobail; agus cuireadh an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht *mheasta* do dhaoine aonair agus do phobail chun cinn go láidir sna comhairliúcháin freisin. Dá bhrí sin, threisigh ár gcomhairliúcháin castacht agus fairsinge na slí a meastar agus a dtuigtear sábháilteacht pobail ar fud na sochaí.

Cé go raibh difríochtaí idir na heispéiris agus na dearcthaí a bhí ann i measc daoine aonair, pobal agus earnálacha, aithníodh go forleathan go bhfuil níos mó i gceist le sábháilteacht pobail ná rialú coireachta nó póilíneacht amháin agus go bhfuil dlúthbhaint aici le mór-shaincheisteanna a bhaineann le folláine, le hionchuimsiú, le cosc, le cáilíocht an chomhshaoil, le rochtain ar sheirbhísí, agus le comhtháthú sóisialta.

Mar thoradh ar shaincheisteanna a bhaineann le meisce phoiblí, le húsáid drugaí, le mí-iompar, le síománaíocht, le himeaglú, agus le fuathchoireanna i gcoinne mionlach, bíonn daoine ciaptha agus measann siad go bhfuil siad faoi bhagairt. I gcás go leor díobh siúd a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin, tá póilíneacht ard-infheictheachta agus forfheidhmiú fós ina ngnéithe tábhachtacha de shábháilteacht pobail, go háirithe i ndáil le suaimhneas intinne an phobail, le freagrúlacht, agus le haghaidh a thabhairt ar an gcoireacht agus ar an iompar frithshóisialta. Maidir le póilíneacht pobail, áit a bhfuil nasc láidir ann idir Garda áitiúla agus an pobal a bhfreastalaíonn siad air, leagadh béim bhreise ar a thábhachtaí atá sí mar rud a mbíonn tionchar dearfach aige ar shábháilteacht pobail.

Ag an am céanna, chuir na rannpháirtithe i dtábhacht arís agus arís eile go múnlaítear sábháilteacht pobail le mórdhálaí struchtúracha agus sóisialta, lena n-áirítear bochtaineacht, eisiamh, neamhionannas, meabhairshláinte, tithíocht, faillí comhshaoil, rochtain ar sheirbhísí, agus leibhéil iontaoibhe in institiúidí poiblí. Dá bhrí sin, mheas na rannpháirtithe nach dócha go dtabharfaí aghaidh ar an eispéireas fíorshaoil sa tsábháilteacht a bhíonn ag a lán daoine den phobal le straitéisí sábháilteachta lena ndírítear go heisiach ar laghdú na coireachta agus ar fhorfheidhmiú.

Aithníodh freisin go bhfuil comhtháthú pobail, acmhainní, agus idirghabhálacha áitiúla fianaisebhunaithe ina gcuid ríthábhachtach de phobail shábháilte a chruthú. Rinneadh tagairt, mar nithe a bhfuil tionchar dearfach acu ar shábháilteacht pobail, don tábhacht a bhaineann le soláthar seirbhísí uilíocha agus athstiúrtha don óige; le spásanna agus bonneagar pobail atá ionchuimsitheach; agus le heagraíochtaí pobail agus gníomhaíochtaí a chothaíonn ceangal agus muintearas ar fud cultúr, glúnta agus ceantar. Ar fud na gcomhairliúchán, chuir rannpháirtithe in iúl arís agus arís eile freisin an tábhacht a bhaineann le dea-chumarsáid, le caidrimh dhearfacha a chothú ar fud seirbhísí agus pobal, agus le guth an phobail/na muintire áitiúla a chur i lár an aonaigh mar bhunchloch don iontaoibh a theastaíonn chun pobail níos sábháilte a thógáil.

DRAFT

Tuigtear níos mó agus níos mó gur freagracht shochaíoch chomhroinnte a théann níos faide ná an phóilíneacht amháin í sábháilteacht pobail. Cé go bhfuil ról lárnach ag an nGarda Síochána, teastaíonn gníomhaíocht chomhordaithe agus chomhoibríoch ar fud Ranna Rialtais chun sábháilteacht pobail a fheabhsú. Teastaíonn sí go n-oibreodh pobail agus seirbhísí le chéile ar bhealach réamhghníomhach, coisctheach agus comhleanúnach chun na saincheisteanna a dhéanann difear don tsábháilteacht pobail, don fholláine, agus do cháilíocht na beatha a shainaithint agus chun freagairt dóibh.

Dá bhrí sin, deimhnítear leis an méid a chualamar trí chomhairliúchán an tábhacht a bhaineann le pobail a dhéanamh níos sábháilte, i ndáiríre agus ó thaobh an dearcaidh de, trí chomhar idir ranna iomchuí, comhlachtaí seirbhíse poiblí, pobail, agus geallsealbhóirí eile maidir le coireacht agus dochar a chosc. Beidh ról tábhachtach le himirt ag an mbonneagar náisiúnta sábháilteachta pobail, agus ag Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta go háirithe, maidir le tacú leis na cineálacha cur chuige atá comhordaithe, sonrach don chomhthéacs agus pobal-láraithe a molann rannpháirtithe sa chomhairliúchán iad.

5. Prionsabail

Tá feidhm ag na prionsabail atá leagtha amach thíos ar fud chumasóirí na sábháilteachta pobail, agus ba cheart iad a bhreithniú le chéile seachas ina n-aonar. Is iad sin an bonn le haghaidh forbairt beartais, soláthar seirbhíse, obair chomhpháirtíochta, cinnteoireacht, agus caidreamh leis an bpobal ar fud thréimhse feidhme na straitéise seo.

5.1. Cosc agus luath-idirghabháil

Tá cur chuige coisctheach agus luath-idirghabhála ina chuid bhunriachtanach de shábháilteacht pobail a fheabhsú agus den neamhchosaint ar choireacht, dochar, leochaileacht, agus eisiamh sóisialta a laghdú. Leis an straitéis náisiúnta seo, cuirtear chun cinn idirghabhálacha comhordaithe fianaisebhunaithe lena

neartaítear tosca cosanta, lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna, agus lena dtacaítear le torthaí fadtéarmacha sábháilteachta pobail, folláine, athléimneachta, agus cáilíochta beatha do dhaoine aonair agus do phobail. Áirítear leis sin aghaidh a thabhairt ar thosca sóisialta bunúsacha na sábháilteachta pobail, lena n-áirítear bochtaineacht, neamhionannas, idirdhealú, eisiamh, drochthorthaí sláinte, éiginnteacht tithíochta, agus bacainní ar rannpháirtíocht.

5.2. Comhoibriú agus iontaoibh

Is iad comhoibriú agus iontaoibh an bonn le haghaidh cur chuige i leith sábháilteacht pobail atá dírithe ar dhochar a chosc. Chun tacaíocht níos spriocdhírithe agus níos éifeachtaí a thabhairt dóibh siúd is mó a mbíonn tionchar ag saincheisteanna sábháilteachta pobail orthu, is gá do chomhlachtaí stáit iomchuí agus d'eagraíochtaí deonacha iomchuí obair le chéile agus lena bpobal áitiúil chun na saincheisteanna sin a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu.

Tá sé ríthábhachtach iontaoibh agus trédhearcacht a chothú idir seirbhísí agus an pobal chun comhoibriú éifeachtach a bhaint amach. Féachtar leis an straitéis náisiúnta seo le dul níos faide ná oibleagáidí reachtúla comhair chun na cineálacha caidreamhacha, iontaoibh-bhunaithe agus trédhearcacha cur chuige a chothú atá riachtanach chun muinín an phobail a neartú, chun rannpháirtíocht fhiúntach a éascú, agus chun freagairtí éifeachtacha a sholáthar do dhúshláin chasta agus idircheangailte sábháilteachta pobail.

5.3. Áitbhunaithe agus sonrach don chomhthéacs

Bíonn eispéireas difriúil ag daoine ar shaincheisteanna sábháilteachta pobail ar fud pobal, áiteanna, grúpaí daonra agus timpeallachtaí ar líne, agus bíonn tionchar ag dálaí éagsúla sóisialta, eacnamaíocha, geografacha, cultúrtha, agus comhshaoil orthu. Leis an straitéis náisiúnta seo, tacaítear le cineálacha cur chuige atá bunaithe ar eolas áitiúil agus áitbhunaithe agus atá ag teacht leis na

DRAFT

láidreachtaí, na dúshláin, na heispéiris, agus na tosaíochtaí ar leith atá ag pobail ar fud na hÉireann, lena n-áirítear i suíomhanna digiteacha agus ar líne.

5.4. Cinnteoireacht atá leabaithe sa phobal

Ba cheart do phobail a bheith ina gcomhpháirtithe gníomhacha maidir leis na cinntí, na beartais, agus na freagairtí a dhéanann difear dá saol a mhúnlú. Le caidreamh ionchuimsitheach, rannpháirtíoch, agus trámabhunaithe, neartaítear dlisteanacht, tacaítear le húinéireacht chomhroinnte, agus cinntítear go mbíonn freagairtí bunaithe ar an taithí fíorshaoil, ar an eolas áitiúil, agus ar na riachtanais agus eispéiris éagsúla atá ag pobail. Leis an straitéis náisiúnta seo, tacaítear le cineálacha rannpháirtíocha, áitbhunaithe agus pobalbhunaithe cur chuige nach é amháin go n-aithnítear pobail mar fhaighteoirí seirbhísí leo, ach go n-áitítear iad mar chomhpháirtithe riachtanacha maidir le tosaíochtaí a shainaithint, le réitigh a mhúnlú, agus le torthaí sábháilteachta pobail a fheabhsú freisin leo.

5.5. Cur chuige comhtháite (Comhleanúnachas beartas)

Bíonn tionchar ag raon leathan tosca idircheangailte sóisialta, eacnamaíocha, sláinte, comhshaoil, agus institiúideacha ar shábháilteacht pobail, ar tosca iad nach féidir le haon ghníomhaireacht amháin, le haon earnáil amháin ná le haon idirghabháil amháin aghaidh a thabhairt orthu ina haonar. Chun sábháilteacht pobail a fheabhsú, teastaíonn gníomhaíocht chomhordaithe agus chomhleanúnach ar fud Ranna Rialtais, comhlachtaí seirbhíse poiblí, údaráis áitiúla, pobal, na sochaí sibhialta, agus geallsealbhóirí eile.

Leis an straitéis náisiúnta seo, cuirtear chun cinn pleanáil chomhtháite, comhleanúnachas beartas, agus freagracht chomhroinnte ar fud earnálacha agus gníomhaireachtaí rialtais chun a chinntiú go mbeidh tosca sábháilteachta pobail leabaithe isteach i mbeartais iomchuí, i seirbhísí iomchuí, agus i bpróisis chinnteoireachta iomchuí. Trí ailíniú idir tosaíochtaí náisiúnta agus tosaíochtaí áitiúla a neartú agus trí chomhoibriú a chothú ar fud na gcóras, tacaítear leis an gcur chuige sin le freagairtí níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe i leith

dúshláin sábháilteachta pobail. Féach Aguisín IV ina leagtar amach na beartais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a thrasnaíonn gach ceann de na cumasóirí agus a thacaíonn leo.

6. Cumasóirí na sábháilteachta pobail

Cé gur tharraing rannpháirtithe ábhair imní anuas le linn comhairliúchán faoi easnaimh ar chúrsaí sábháilteachta pobail, nochtadh cumasóirí ríthábhachtacha cosanta freisin in anailís théamach ar shonraí comhairliúcháin. Dá bhrí sin, dírítear sa straitéis ar chúig phríomhchumasóir sábháilteachta pobail, agus an díriú á aistriú amach ó fhadhbanna sábháilteachta pobail agus i dtreo láidreachtaí sábháilteachta pobail.

Is iad na cúig chumasóir sábháilteachta pobail sin na dálaí a fhágann gur féidir le sábháilteacht pobail dul faoi bhláth – sa mhéid go bhfuil daoine den phobal sábháilte agus go measann siad go bhfuil siad sábháilte. Treisíonn siad a chéile, agus iad ag cruthú éiceachóras le haghaidh sábháilteacht pobail lena dtugtar cumhacht do sheirbhísí poiblí agus do phobail obair le chéile go héifeachtach chun sábháilteacht pobail a fheabhsú ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal réigiúnach, agus ar leibhéal náisiúnta.

Tá cumasóirí na sábháilteachta pobail ag teacht le gealltanais náisiúnta agus idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do dhaoine dár bpobal, agus gach cumasóir ag aistriú spriocanna domhanda ina ngníomhaíocht áitiúil trí rannchuidiú go gníomhach le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna). Tá na cumasóirí, agus an straitéis náisiúnta seo, suite freisin laistigh de mhór-thírdhreach beartais a rannchuidíonn le sábháilteacht pobail agus a dtacaíonn sábháilteacht pobail leis. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, comhtháthú le beartais agus straitéisí eile a leabú. Chun tacú leis sin, tá gach cumasóir mapáilte de réir na timpeallachta beartais in Aguisín IV.

Tá gníomhartha straitéiseacha ardleibhéil sainaitheanta le haghaidh gach cumasóra (‘Na nithe a dhéanfaimid’), rud lena soláthraítear treochlár le haghaidh

cur i gcrích náisiúnta agus lena n-éascaítear solúbthacht an chur chuige a theastaíonn agus freagairt á tabhairt do chúrsaí sábháilteachta pobail; nuálaíocht agus cur i gcrích áitiúil trí phleananna áitiúla um shábháilteacht pobail; agus comhpháirtíochtaí trasearnála lena mbaintear leas as na láidreachtaí uathúla atá ag seirbhísí poiblí agus ag pobail iad féin.

Beidh ról lárnach ag Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta freisin maidir leis na cumasóirí sin a aistriú ina ngníomhaíocht áitbhunaithe, á chinntiú go mbeidh tosaíochtaí áitiúla, fianaise, agus dearcthaí pobail mar bhonn eolais faoin gcur chun feidhme.

6.1. Pobail atá rathúil, ceangailte, agus cumhachtaithe

"Is gnách go mbíonn leibhéil níos ísle iompair fhrithshóisialta agus leibhéil níos airde iontaoibhe agus sábháilteachta ag pobail atá gafa, ceangailte, agus cumhachtaithe."[3]

An toradh atá air sin

I gcroílár na sábháilteachta pobail tá an prionsabal go bhfuil sé de cheart ag gach pobal a bheith sábháilte agus a mhothú go bhfuil siad sábháilte chun go mbeidh siad in ann dul faoi bhláth. D'fhéadfadh go mbeadh seans níos lú ann go dtarlódh coireacht agus dochar i bpobail ina bhfuil braistint chómhuintearais, nascachta agus féiniúlachta comhroinnte ag daoine, toisc go spreagtar cúram frithpháirteach agus freagracht chomhchoiteann le ceangail shóisialta láidre. Tá seans níos mó ann freisin go mbeidh pobail cheangailte athléimneach agus go mbeidh siad níos ábalta obair le chéile chun aghaidh a thabhairt ar dheighiltí agus chun suaitheadh seachtrach a sheasamh.

[3] Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann, aighneachtaí i scríbhinn

Is leas poiblí í sábháilteacht pobail, rud a chruthaítear le comhtháthú sóisialta agus a chuireann le comhtháthú sóisialta. Pobail chomhtháite, ina mbíonn idirghníomhú dearfach ann idir daoine atá d'aoiseanna éagsúla agus a bhfuil cúlraí éagsúla agus eispéiris éagsúla acu, is príomhthoisc taobh thiar den tsábháilteacht iad, in ionad iad a bheith ina dtoradh tánaisteach. D'fhéadfadh nasc láidir pobail agus comhtháthú sóisialta coireacht a chosc, iompar frithshóisialta a laghdú, agus cur i gcoinne an leithlisithe a mbíonn leochaileacht mar thoradh air go minic. Is ann freisin do nasc láidir a threisíonn a chéile idir pobail shábháilte agus deiseanna eacnamaíocha, forbairt gnó, agus cruthú fostaíochta.
Is próiseas agus toradh araon é comhtháthú sóisialta den sórt sin. Chuige sin, teastaíonn infheistíocht ama, cleachtais chaidreamhláraithe a dhéantar d'aon ghnó, bonneagar sóisialta láidir lena gcothaítear gníomhaíocht pobail, agus déanamh ionchuimsitheach beartas chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le comhroinnt cumhachta, le hacmhainn, agus le neamhionannais struchtúrtha.

I gcás cúrsaí sábháilteachta pobail, is minic is iad na daoine is gaire don fhadhb na daoine is gaire don réiteach. Tá ríthábhacht ag baint leis an gcomhthéacs freisin maidir le tuiscint a ghnóthú ar shaincheisteanna sábháilteachta pobail. Tá tuiscint dhomhain ag pobail ar na rioscaí, na bacainní agus na dúshláin ar leith atá ina limistéir, a bhfuil a ngnátheispéireas laethúil agus a gcaidrimh shóisialta mar bhonn eolais fúthu. Trí dhaoine den phobal a chur ar áireamh i réitigh a mhúnlú, is féidir idirghabhálacha a sholáthar atá múnlaithe ag tuiscintí ar an áit agus ar an gcomhthéacs.

Trí theagmháil a dhéanamh le pobail ar bhealaí praiticiúla amhail oideachas, múscailt feasachta, meantóireacht, agus rannpháirtíocht i scéimeanna faire gnó nó comharsanachta, is féidir úinéireacht agus cuntasacht a chothú freisin, rud a thugann cumhacht do phobail dul níos faide ná feasacht shimplí a bheith acu agus i dtreo páirt ghníomhach a ghlacadh i rioscaí a shainaithint, i réitigh a fhorbairt, agus i dtacú le bearta sábháilteachta. Fágann sé sin freisin go bhfuil sábháilteacht pobail ina freagracht chomhroinnte i measc daoine aonair,

teaghlach, grúpaí pobail, gníomhaithe eacnamaíocha áitiúla, agus na hearnála poiblí.

Le cur chuige atá faoi stiúir an phobail, cothaítear iontaoibh, cinntítear dlisteanacht, agus soláthraítear freagairtí atá ag teacht leis na riachtanais éagsúla atá ag pobail. Chuige sin, teastaíonn idirphlé oscailte idir cónaitheoirí, gnólachtaí, an earnáil pobail, agus na gníomhaireachtaí poiblí a bhfuil sainordú acu chun seirbhísí áitiúla a sholáthar. Ní mór rannpháirtíocht na bpobal nach ndéantar go leor freastail orthu, atá imeallaithe nó a eisiadh go stairiúil ó phróisis chinnteoireachta a chur ar áireamh go gníomhach in idirphlé den sórt sin, agus ní mór tacú leis an rannpháirtíocht sin go gníomhach. Ní mór a aithint freisin gur cheart a bheith dáiríre faoi na comhráite sin a dhéanamh i gcás pobail thrámaithe. Is féidir le cur chuige trámabhunaithe agus iontaoibh-bhunaithe idirphlé éifeachtach idir pobail, gníomhaireachtaí, agus comhpháirtithe eile a éascú. Is iad na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta agus forbairt agus cur chun feidhme na bpleananna áitiúla um shábháilteacht pobail uathu a bhrúfaidh cur i ngníomh an chumasóra sin chun cinn.

Na nithe a dhéanfaimid

- Tacú le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta chun a bpobail áitiúla a chur ar áireamh, chun caidreamh gníomhach a dhéanamh leo agus chun acmhainn a thógáil iontu chun ról gníomhach agus ceannaireachta a imirt maidir le freagairtí do chúrsaí sábháilteachta pobail ina limistéar a shainaithint agus a chur chun feidhme.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le cláir lena gcothaítear athléimneacht pobail chun freagairt do shaincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht pobail, agus iad a thástáil i gcomhthéacs Éireannach.
- Tacú le deiseanna le haghaidh caidreamh idirghlúine agus idirchultúrtha chun iontaoibh a chothú laistigh de phobail agus idir pobail; agus aitheantas á thabhairt don luach is féidir le himeachtaí agus spásanna

cultúrtha, spóirt agus pobail lena gcruthaítear ceangal a bheith acu maidir le pobail chomhtháite a fhorbairt.

- Meastóireacht agus acmhainniú a dhéanamh ar idirghabhálacha lena gcothaítear úinéireacht agus freagracht an phobail ar bhealaí praiticiúla amhail oideachas, múscailt feasachta, meantóireacht, agus rannpháirtíocht i scéimeanna amhail faire comharsanachta nó gnó.

6.2. Áiteanna agus spásanna atá sábháilte agus ionchuimsitheach

"Is é is pobal sábháilte ann ná pobal inar féidir le daoine gluaiseacht faoi shaoirse, rochtain a fháil ar sheirbhísí, agus taitneamh a bhaint as spásanna poiblí gan eagla, gan eisiamh, nó gan imeaglú."[4]

An toradh atá air sin

Tá áiteanna agus spásanna atá sábháilte, ionchuimsitheach agus inrochtana ina gcuid ríthábhachtach de phobail láidre, cheangailte, agus athléimneacha a chruthú. Ní hé amháin go múnlaíonn na timpeallachtaí ina gcónaíonn daoine, ina n-oibríonn siad, ina dtaistealaíonn siad, ina bhfoghlaimíonn siad agus ina ndéanann siad sóisialú a sábháilteacht fhisiciúil, ach múnlaíonn siad a mbraistint chómhuintearais, a muinín, a rannpháirtíocht, agus a bhfolláine freisin. Dá bhrí sin, ní hé amháin gur trí choireacht nó mí-ord a bheith in easnamh a eispéirítear sábháilteacht pobail, ach go n-eispéirítear í freisin trí thimpeallachtaí a bheith ann atá fáilteach, inrochtana, dea-chothabháilte agus deartha chun tacú le dínit, le hionchuimsiú, agus le ceangal sóisialta.

Bíonn ról suntasach ag cáilíocht, inrochtaineacht, agus dearadh na dtimpeallachtaí fisiciúla agus na dtimpeallachtaí digiteacha maidir le múnlú a dhéanamh ar an dóigh a n-eispéiríonn daoine an tsábháilteacht pobail ina

[4] Líonra Rannpháirtíochta Pobail Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, aighneachtaí i scríbhinn

ngnáthshaol laethúil. Ní hé amháin go mbraitheann pobail shábháilte ar phóilíneacht éifeachtach, ach braitheann siad freisin ar thimpeallachtaí lena gcothaítear iontaoibh, rannpháirtíocht, ceangal, agus freagracht chomhroinnte. Is féidir le spásanna poiblí dea-dheartha ionchuimsitheacha comhtháthú sóisialta a neartú, rannpháirtíocht a spreagadh, agus tacú le níos mó muiníne i bpobail agus in institiúidí poiblí.

Ní aonfhoirmeach ar fud pobal nó ar fud grúpaí daonra atá na heispéiris sa tsábháilteacht pobail. Is féidir le tosca amhail aois, míchumas, inscne, eitneacht, cúlra socheacnamaíoch, agus geografaíocht tionchar a imirt ar an dóigh a bhfaigheann daoine rochtain ar spásanna poiblí, ar sheirbhísí, ar chórais iompair, agus ar bhonneagar pobail, agus is féidir leo tionchar a imirt ar an dóigh a n-eispéiríonn siad na nithe sin. Timpeallachtaí atá droch-chothabháilte nó nach bhfuil inrochtana, mar gheall ar fhoirgnimh thréigthe, ar bhonneagar neamhshábháilte, ar bhruscar, agus ar loitiméireacht, is féidir leo cur le héiginnteacht, le rannpháirtíocht laghdaithe, agus le braistintí go bhfuil riosca méadaithe sábháilteachta ann, fiú i gcás ina bhféadfadh leibhéil na coireachta taifeadta i bpobal ar leith a bheith measartha íseal. Idir an dá linn, is féidir le húsáid infheicthe drugaí, le meisce phoiblí, agus le hiompar frithshóisialta cur leis na braistintí go bhfuil spásanna neamhshábháilte agus srian a chur ar dhaoine gluaiseacht go saor agus go muiníneach timpeall a gcomharsanachtaí.

Bíonn rochtain ar bhonneagar pobail atá sábháilte, fáilteach, agus ionchuimsitheach ina toisc thábhachtach cosanta chun tacú le pobail athléimneacha. Le páirceanna, le leabharlanna, le clóis súgartha, le saoráidí spóirt, le seirbhísí óige, le spásanna áineasa do dhéagóirí, agus le spásanna pobail, soláthraítear deiseanna le haghaidh ceangail, rannpháirtíochta, agus dea-idirghníomhaíocht shóisialta. Rannchuidíonn gach ceann díobh seo a leanas go dearfach le cúrsaí sábháilteachta pobail: tríú spásanna tiomnaithe amhail clubanna óige agus tionscadail athstiúrtha óige, saoráidí spóirt, agus cláir mheantóireachta, áit ar féidir le daoine óga páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht phrósóisialta; spásanna ísealtairsí agus spásanna laghdaithe dochair d’úsáideoirí seirbhíse leochaileacha; agus spásanna pobail comhroinnte atá

bríomhar agus inrochtana. Mar an gcéanna, tá córais iompair, bealaí siúil, agus taitneamhachtaí poiblí atá sábháilte agus inrochtana ina gcuid riachtanach de dhaoine aonair agus pobail a chumasú chun fanacht nasctha le fostaíocht, le hoideachas, le seirbhísí, agus le deiseanna sóisialta.

Tá an tábhacht a bhaineann le hinrochtaineacht agus le dearadh uilíoch ina gcuid lárnach de thacú le hionchuimsiú, le comhionannas, le dínit, agus le rochtain neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine scothaosta, do leanaí agus do dhaoine óga, agus dóibh siúd a chónaíonn i limistéir thuaithe nó i bpobail atá thíos le díothacht agus le míbhuntáiste.

Síneann eispéiris sa tsábháilteacht pobail níos mó agus níos mó ar fud timpeallachtaí fisiciúla agus timpeallachtaí digiteacha araon. Cé gur féidir le spásanna ar líne tacú le rannpháirtíocht agus le ceangal, is féidir leo daoine aonair agus pobail a nochtadh freisin do mhífhaisnéis, d'imeaglú, do mhí-úsáid, d'fhuathchaint, agus do ghrúpaí áirithe a bheith á scaradh mar ghrúpaí ar leith. Dá bhrí sin, chun pobail níos sábháilte agus níos ionchuimsithí a thógáil, teastaíonn cineálacha comhordaithe agus coisctheacha cur chuige lena leabaítear sábháilteacht, inrochtaineacht, ionchuimsiú, folláine, agus cáilíocht an chomhshaoil ar fud na pleanála, an bhonneagair, an tsoláthair seirbhíse, na hathbheochana, agus na forbartha pobail.

Na nithe a dhéanfaimid

- Sábháilteacht pobail a chur chun cinn ar fud timpeallachtaí éagsúla agus suíomhanna éagsúla, lena n-áirítear suíomhanna uirbeacha, suíomhanna tuaithe, suíomhanna iompair agus suíomhanna oíche, agus eispéiris, leochaileachtaí agus riachtanais éagsúla an phobail á n-aithint.
- Iniúchadh a dhéanamh ar uirlis mapála sócmhainní sábháilteachta pobail a fhorbairt chun tacú le pobail, le húdaráis áitiúla agus le geallsealbhóirí eile maidir le hacmhainní bonneagair, pobail agus seirbhíse a shainaithint a chuireann le sábháilteacht pobail i limistéar áitiúil.

- Cineálacha cur chuige deartha comhshaoil, spásúil agus uilíoch a chur chun cinn agus tacú leo, ar cineálacha cur chuige iad lena dtacaítear le coireacht a chosc, le sábháilteacht, le hinrochtaineacht, agus le húsáid dhearfach a bhaint as spásanna poiblí agus áiteanna poiblí, lena n-áirítear iompar poiblí.
- Timpeallachtaí ar líne a aithint mar spásanna suntasacha idirghníomhaíochta agus dochair fhéideartha, agus tacú le bearta lena neartaítear sábháilteacht ar líne, cuntasacht, agus freagairtí do ghníomhaíocht dhochrach ar líne.

6.3. Freagairtí saincheaptha ar mhaithe le pobail níos sábháilte

"Chun na fadhbanna atá ag daoine (agus ní na fadhbanna a cheapaimid a bheith ag daoine) a réiteach, ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh guth acu siúd nach bhfuil cumhacht acu, fiú, agus go n-éistfear leo"[5]

An toradh atá air sin

Is é atá i bpobail shábháilte athléimneacha ná áiteanna inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as a bheith sábháilte agus a bheith ag meas go bhfuil siad sábháilte, beag beann ar a n-aois, ar a bhféiniúlacht inscne, ar a míchumas, ar a n-eitneacht, ar a gclaonadh gnéasach, ar a stádas socheacnamaíoch, agus ar a gceantar. Ní aonfhoirmeach a bhíonn ár n-eispéiris sa tsábháilteacht agus ár mothúcháin go bhfuilimid sábháilte, agus múnlaítear iad lenár n-imthosca difriúla. Dá bhrí sin, éilítear le sábháilteacht pobail go mbunófaí idirghabhálacha sábháilteachta agus freagairtí sábháilteachta ar na heispéiris éagsúla a bhíonn ag daoine agus ar na riachtanais shonracha a bhíonn acu, agus go gcuirfí san áireamh na cumais éagsúla, na hacmhainní éagsúla, agus na deiseanna éagsúla atá ag pobail maidir le saincheisteanna sábháilteachta a chosc agus

[5] An Fóram um Shábháilteacht Tuaithe, teagmhálacha spriocdhírithe

freagairt dóibh. Is é atá i gceist léi aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna trí dhochar a chosc agus trí luath-idirghabháil.

Beidh bacainní éagsúla ar ghrúpaí éagsúla agus ar phobail éagsúla maidir le rochtain a fháil ar thacaíocht agus ar chabhair mar gheall ar acmhainní teoranta, ar dhrochiontaoibh i seirbhísí, ar dhiúltú do thuairiscí, ar bhacainní cultúrtha, agus ar bhacainní teanga. In amanna, bíonn ábhair imní sábháilteachta ar leith nó dhíréireacha roimh roinnt pobal freisin. Bíonn grúpaí imeallaithe amhail pobail LADTIA+ agus pobail mhionlaigh i mbaol níos mó maidir le fuathchoireacht a fhulaingt, agus bíonn tionchar díréireach ag foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe ar mhná agus ar chailíní. Rud ríthábhachtach, is minic a thrasnaíonn féiniúlachtaí, stádas socheacnamaíoch, agus geografaíocht a chéile, rud a fhágann gur féidir go mbeidh rioscaí forluiteacha agus il-imeallú roimh phobail áirithe. Fágann sé sin go dteastaíonn cineálacha níos spriocdhírithe cur chuige i leith grúpaí áirithe nó ceantair áirithe.

Fiú i gcás nach bhfuil daoine neamhchosanta go díreach ar dhochar, is féidir leis tionchar síceolaíoch a bheith aige, rud a chruthaíonn eagla roimh riosca braite agus hipear-airdeall a athraíonn iompraíocht daoine, rud a théann i bhfeidhm ar a gcáilíocht beatha fhoriomlán agus ar a gcumas chun páirt a ghlacadh ina bpobail. Is minic a thrasnaíonn na fíoreispéiris sin maidir le sábháilteacht, leis na bacainní ar dhéileáil leo, agus leis na braistintí sábháilteachta a chéile, agus is minic a threisíonn siad a chéile agus is féidir leo a bheith níos géire do ghrúpaí leochaileacha nó dóibh siúd atá thíos leis an imeallú nó leis an il-idirdhealú.

D’fhéadfadh go mbeadh leibhéil arda drochiontaoibhe ag an Lucht Siúil, ag imircigh agus ag dídeanaithe, agus ag daoine atá thíos leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta, mar shampla, i ngníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin ach go mbeadh rochtain ar ghníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin de dhíth orthu chun déileáil lena bhfadhbanna sábháilteachta. Ar an gcaoi chéanna, d’fhéadfadh go mbeadh tuilleadh fadhbanna coireachta agus sábháilteachta ag pobail atá thíos le bochtaineacht agus le míbhuntáiste

ach nach mbeadh an líon céanna acmhainní acu chun déileáil leis na fadhbanna sin.

Is é atá i gceist le pobail níos sábháilte agus níos athléimní a chruthú ná dul i ngleic leis na bunchúiseanna le fadhbanna sábháilteachta pobail trí dhochar a chosc agus trí luath-idirghabháil a dhéanamh. Maidir leis na bunchúiseanna iomadúla forluiteacha sin, lena n-áirítear imeallú, idirdhealú, díothacht, éagobhsaíocht eacnamaíoch, cobhsaíocht tithíochta, meabhairshláinte agus rochtain neamhleor ar sheirbhísí, ní hé amháin go n-imríonn siad tionchar ar a leochailí a bhíonn pobal i leith coireachta agus dochair, ach imríonn siad tionchar freisin ar na himthosca ina dtarlaíonn iompraíocht dhochrach neamhshábháilte. Ní féidir le haon ghníomhaireacht aonair ná le haon idirghabháil aonair na fadhbanna sin a shárú. Ina ionad sin, teastaíonn cur chuige comhordaithe comhoibríoch ina n-oibríonn na seirbhísí, na gníomhaireachtaí agus na pobail iomchuí le chéile mar chuid de chur chuige spriocdhírithe, ar cur chuige é lena n-áirítear freagairt sna háiteanna inar ann do na riachtanais is géire.

Trí ról a thabhairt do phobail agus grúpaí a ndéantar difear dóibh agus réitigh á gcomhdhearadh, cinnteofar go bhfreagrófar dá bhfíor-riachtanais sábháilteachta agus go bhfreastalófar orthu. Ós rud é go dtagann pobail agus grúpaí leochaileacha ar bhacainní suntasacha agus iad ag iarraidh seirbhísí a rochtain agus a bheith páirteach ina bpobal, ní mór gníomhartha d'aon ghnó a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfear iad ar áireamh i bpróisis rannpháirtíocha agus go mbeidh seirbhísí freagrúil dá riachtanais. Cabhróidh sé sin lena chinntiú go spriocdhíreofar freagairtí sábháilteachta pobail ar na háiteanna a bhfuil an gá is mó leo agus go mbeidh siad á dtreorú ag na daoine a bhfuil an t-eolas is fearr acu ar a bpobal.

Na nithe a dhéanfaimid

- Uirlisí a shainaithint agus a chur chun feidhme chun rannpháirtíocht fhiúntach a leabú isteach i bpróisis cinnteoireachta sábháilteachta pobail agus chun an rannpháirtíocht sin a thomhas, agus díriú á leagan ar

ghrúpaí sonracha amhail daoine óga, pobail imirceacha, agus daoine a bhfuil míchumas orthu.

- Leas a bhaint as sruthanna cistiúcháin agus cláir chistiúcháin atá ann cheana chun acmhainní a leithdháileadh ar fhreagairtí sábháilteachta pobail atá ionchuimsitheach agus spriocdhírithe agus lena nglactar cur chuige coisctheach.
- Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ar fáil do chomhlachtaí seirbhíse poiblí agus do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta aghaidh a thabhairt ar bhacainní lena gcuirtear cosc ar ghrúpaí imeallaithe rochtain a fháil ar thacaí agus ar sheirbhísí agus/nó dul i dteagmháil leo.
- Obair i gcomhar leis an earnáil oideachais agus leis an earnáil óige chun ionchuimsiú, tinreamh, folláine, caidrimh dhearfacha agus cineálacha cur chuige luath-idirghabhála a chur chun cinn lena rannchuidítear le pobail níos sábháilte a chruthú agus le torthaí saoil níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga.

6.4. Seirbhísí poiblí atá freagrúil, comhoibríoch agus ag feidhmiú go maith

"…ní féidir le gníomhaithe ceartais choiriúil coireacht agus dochar sóisialta a chosc ná freagairt go héifeachtach dóibh gan ról a thabhairt do ghníomhaithe i réimsí agus seirbhísí eile beartais shóisialta, amhail oideachas, sláinte agus meabhairshláinte, obair pobail agus óige, obair shóisialta, tithíocht agus rialtas áitiúil."[6]

An toradh atá air sin

Ní féidir le seirbhísí poiblí sábháilteacht pobail éifeachtach a bhaint amach leo féin, agus teastaíonn ionchur ó phobail, ó ghnólachtaí agus ón tsochaí shibhialta chun na tosca a théann i bhfeidhm ar shábháilteacht a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Is iad cúiseanna casta agus idircheangailte aonair, sóisialta, comhchoiteanna, sochaíocha agus eacnamaíocha na nithe a

[6] An Dr Ian Marder, aighneachtaí i scríbhinn

chinneann saincheisteanna sábháilteachta pobail, ar cúiseanna iad nach dtagann faoi raon feidhme aon seirbhíse aonair. Chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna sin, teastaíonn cineálacha cur chuige atá comhbheartaithe, oiriúnaitheach agus comhoibríoch agus atá faoi mhaoirseacht, ar cineálacha cur chuige iad a bhfuil comhoibriú réamhghníomhach idir a lán seirbhísí poiblí, gníomhaireachtaí agus geallsealbhóirí i gceist leo agus lena dtugtar tús áite do phobail, do dhaoine aonair agus don phobal. Ní hé amháin go mbraitheann éifeachtacht na gcineálacha cur chuige sin ar an gcumas atá ag seirbhísí obair le chéile, ach braitheann sí freisin ar an muinín agus an iontaoibh atá ag pobail as na seirbhísí sin.

An iontaoibh atá ann as an gcumas atá ag soláthraithe seirbhíse déileáil le saincheisteanna sábháilteachta pobail, múnlaítear í trí idirghníomhaíocht laethúil le seirbhísí poiblí agus tríd an dearadh pleanála agus tríd an gcinnteoireacht a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin araon. I gcás idirghníomhaíochtaí laethúla, baineann sé sin leis an bhfáil atá ar sheirbhísí, agus le freagrúlacht, iontaofacht agus éifeachtacht na seirbhísí sin, chun déileáil le hábhair imní sábháilteachta. San fhadtéarma, neartaítear iontaoibh nuair a fheiceann pobail feabhsuithe inbhraite ar shábháilteacht agus ar fholláine mar thoradh ar ghníomhaíocht chomhordaithe agus ar chosc comhordaithe.

Chun iontaoibh an phobail a chothú, is gá do na seirbhísí agus na gníomhaireachtaí poiblí iomchuí aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht pobail ar na leibhéil éagsúla sin. Is é a bhíonn i gceist leis sin uaireanta ná seirbhísí níos freagrúla a sholáthar lena ngabhann struchtúir thuairiscithe atá ionchuimsitheach agus tacúil. Is gá freisin, áfach, go rachadh na gníomhaireachtaí agus na seirbhísí poiblí iomchuí i mbun gnímh chun spriocdhíriú ar bhunchúiseanna na saincheisteanna sin sula sroichfeadh siad pointe géarchéime.

Tá ríthábhacht ag baint le cur chuige comhordaithe uile-rialtais a ghlacadh chun comhoibriú a bhrú chun cinn ar fud ranna, gníomhaireachtaí stáit agus soláthraithe seirbhíse agus chun prionsabail sábháilteachta pobail a leabú

isteach i réimsí amhail tithíocht, sláinte, oideachas, ceartas, iompar, agus gníomhaireachtaí forbartha pobail.

Chun seirbhísí iontaofa dea-fheidhmiúla a chruthú a bhfuil mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna casta a bhíonn le torthaí sábháilteachta pobail, teastaíonn comhoibriú agus comhordú i measc seirbhísí poiblí, eagraíochtaí pobail agus deonacha, geallsealbhóirí amhail gnólachtaí agus soláthraithe seirbhíse iomchuí eile, mar aon le comhroinnt sonraí, struchtúir chuntasachta, agus acmhainní leordhóthanacha.

Chun an méid sin a dhéanamh, teastaíonn ceannaireacht freisin chun comhoibriú, idirphlé agus comhthuiscint a chothú i measc geallsealbhóirí agus seirbhísí, agus leas á bhaint as an dea-chleachtas idirnáisiúnta amhail cineálacha cur chuige sláinte poiblí i leith cosc agus luath-idirghabháil, foghlaim agus taighde leanúnach, agus cuntasacht seirbhísí poiblí i leith torthaí sábháilteachta pobail.

Na nithe a dhéanfaimid

- Forbairt pobal cleachtais a éascú trí oiliúint chomhpháirteach, trí chomhphrótacail agus trí fheachtais faisnéise chomhordaithe chun comhthuiscint agus comhtheanga a fhorbairt ar fud foirne Comhpháirtíochta Sábháilteachta, ar fud comhaltaí, ar fud gníomhaireachtaí agus ar fud an mhórphobail.
- Iniúchadh a dhéanamh ar mhol acmhainní agus bonn fianaise a fhorbairt trínar féidir an dea-chleachtas maidir le haghaidh a thabhairt ar shábháilteacht pobail a chomhroinnt agus trínar féidir a chur in iúl conas is féidir le cur chuige comhroinnte i leith sábháilteacht pobail rannchuidiú le tosaíochtaí pobail, eagraíochtúla agus earnála.
- Cur chuige comhoibríoch ionchuimsitheach a leabú i leith sábháilteacht pobail trí threoir a fhorbairt do chomhlachtaí seirbhíse poiblí agus trí fhaireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an dualgais atá ar chomhlachtaí seirbhíse poiblí faoi alt 118 den Acht.

DRÉACHT

- Tús áite a thabhairt do phóilíneacht pobail agus cumhacht a thabhairt do Ghardaí obair i gcomhar le pobail agus le geallsealbhóirí earnála eile chun teacht ar réitigh chomhoibríocha ar shaincheisteanna sábháilteachta pobail.

6.5. Cinnteoireacht fhianaisebhunaithe

"Tá sé tábhachtach an 'uirlis' tomhais cheart a fháil ón tús"[7]

An toradh atá air sin

Tá an cur chuige coisctheach i leith sábháilteacht pobail bunaithe ar an bprionsabal gur fearr dochar a chosc sula dtarlaíonn sé, rud is féidir a dhéanamh trí idirghabhálacha spriocdhírithe lena dtugtar aghaidh ar thosca riosca do dhaoine aonair agus do phobail araon. Chun an t-aistriú sin a dhéanamh ó fhreagairtí frithghníomhacha ad hoc chuig cur chuige coisctheach réamhghníomhach, is gá bogadh ar shiúl ó bheith ag brath ar fhianaise starógach agus ar iomas agus i dtreo creat láidir sonraíbhunaithe atá ceaptha chun buntacú le cinnteoireacht straitéiseach. I measc na dtorthaí dearfacha a bhíonn ar thomhas comhchoiteann sonraí uaireanta tá leibhéil mhéadaithe iontaoibhe i measc daoine den phobal, braistint níos láidre sábháilteachta, caidreamh feabhsaithe idir an pobal agus seirbhísí poiblí, agus tuairisciú méadaithe teagmhas. Dá bhrí sin, ba cheart díriú ar thorthaí den sórt sin le linn straitéis sonraí pobail nó córas tomhais a fhorbairt agus le linn cineál na sonraí atá le bailiú a chinneadh.

Ní féidir sábháilteacht pobail a mheasúnú ar leithligh ó mhórtháscairí sláinte, folláine agus sóisialta. Ní thugtar i staitisticí coireachta ná i rátaí íospartha agus iontu sin amháin léargas iomlán ar an eispéireas le sábháilteacht pobail. Mar shampla, trí tháscairí bonneagair a chur san áireamh i gcreataí tomhais sábháilteachta, d'fhéadfaí cabhrú lena shuí cén dóigh a dtéann timpeallachtaí

[7] An Grúpa Stiúrtha LADTAI+, teagmhálacha spriocdhírithe

fisiciúla i bhfeidhm ar dhearcthaí agus ar iompraíocht agus cé na háiteanna ina bhféadfaí muinín an phobail a fheabhsú trí infheistíocht spriocdhírithe. Trí thacair sonraí riaracháin atá ann cheana a chur ar áireamh, amhail ligean isteach i rannóga Timpistí agus Éigeandála, rátaí críochnaithe scoile agus rátaí eisiaimh scoile, agaí freagartha seirbhísí éigeandála, agus an fháil agus an rochtain ar sheirbhísí, d'fhéadfaí tuiscint níos iomláine a ghnóthú ar shábháilteacht pobail. Ar an gcaoi chéanna, i bhfianaise a thábhachtaí atá comhtháthú pobail mar mhaolán cosantach i leith rátaí coireachta agus braistintí sábháilteachta, is dóigh go mbeidh fiúntas ag baint le táscairí caidrimh shibhialta a chur ar áireamh i gcreat sonraí sábháilteachta pobail.

Is ag grúpaí éagsúla a bhíonn eispéiris éagsúla le sábháilteacht, mar gheall ar thosca amhail aois, inscne, cine nó eitneacht, míchumas, agus comhthéacs socheacnamaíoch. Tá sé ríthábhachtach an éagsúlacht sin a aithint chun críocha tomhais, toisc gur féidir le sonraí comhiomlánaithe eispéiris éagothroma a cheilt agus na hábhair imní shonracha i measc grúpaí ar leith a chur i bhfolach. Trí shonraí a dhíchomhiomlánú agus trí thacair sonraí ó fhoinsí iomadúla a nascadh le chéile, d'fhéadfaí rannchuidiú le tuiscint a ghnóthú ar eispéiris sábháilteachta pobail i measc pobail éagsúla agus le freagairt do na heispéiris sin ar bhealach níos fearr.

Nithe eile a mhúnlaíonn cé chomh sábháilte agus a bhraitheann daoine is ea tosca amhail meabhairshláinte, rochtain ar sheirbhísí, ceangal sóisialta, cobhsaíocht tithíochta, agus eispéiris idirdhealaithe.
Má bhraitheann daoine nach mbíonn siad sábháilte ar an iompar poiblí, i gcomharsanachtaí áitiúla, nó ag amanna áirithe den lá, beidh fíorthionchar aige sin ar iompar, ar shoghluaisteacht agus ar cháilíocht na beatha, beag beann ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn rátaí coireachta ag laghdú. Tarraingíonn an dícheangal sin aird ar na laigí a bhaineann le bheith ag brath ar bhearta cainníochtúla agus orthu sin amháin, agus léiríonn sé an tábhacht a bhaineann le próisis a bheith ar bun lena dtacaítear le héisteacht le daoine aonair agus le pobail faoi shábháilteacht ina dtimpeallacht féin agus faoin dóigh a léirmhíníonn siad í. Ba cheart bailiú sonraí den sórt sin a bheith sa bhreis ar rannpháirtíocht

fhiúntach leis an bpobal. Le cineálacha ionchuimsitheacha cur chuige, neartaítear cáilíocht na sonraí a bhailítear, agus cabhraítear lena chinntiú go mbíonn tomhais sábháilteachta ina léiriú ar eispéiris na ndaoine uile den phobal, seachas na daoine sin a mbíonn sé níos éasca dóibh caidreamh a dhéanamh agus iad sin amháin.

Trí shonraí cainníochtúla agus sonraí cáilíochtúla a bhailítear ó fhoinsí oifigiúla iomadúla a chomhtháthú le chéile agus trí chaidreamh rannpháirtíoch a chothú leis an bpobal, is féidir linn tuiscint iomlánaíoch a ghnóthú ar shábháilteacht pobail ar mhodh a dhúnfaidh an bhearna idir méadrachtaí oifigiúla agus fírinne an phobail. Trí Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta a bhunú i ngach limistéar údaráis áitiúil, soláthraítear sásra luachmhar le haghaidh sonraí saibhre den sórt sin a bhailiú go díreach ó phobail chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht áitiúil agus faoi dhéanamh náisiúnta beartas araon.

Na nithe a dhéanfaimid

- Straitéis fhadtéarmach sonraí sábháilteachta pobail a fhorbairt i gcomhar le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta, leis an nGrúpa Stiúrtha agus le geallsealbhóirí eile, lena n-áireofar méadrachtaí bonnlíne a shainaithint le haghaidh sábháilteacht pobail a mheas.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann rochtain a fháil ar shonraí agus iad a chomhroinnt chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht. Áireofar leis sin, mar shampla, iniúchadh a dhéanamh in éineacht leis an bPríomh-Oifig Staidrimh ar Thairseach Náisiúnta Sonraí Sábháilteachta Pobail a fhorbairt ionas gur féidir sonraí riaracháin, sonraí suirbhé, sonraí tánaisteacha agus sonraí a choinnítear go príobháideach a rochtain ar bhealach slán freagrach agus ionas gur féidir na sonraí sin a léirmhíniú ar bhealach comhtháite.
- Tabhairt faoi anailís ar na bearnaí atá ann i dtaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir leis an tionchar a imríonn sábháilteacht bhraite ar cháilíocht na beatha, ar chomhtháthú sóisialta agus ar athléimneacht

pobail, agus taighde a choimisiúnú chun aon bhearnaí sonraí nó faisnéise a dhúnadh.

- Tacú le taighde, le bailiú fianaise agus le tionscnaimh feasachta poiblí a bhaineann le saincheisteanna sábháilteachta pobail atá ag teacht chun cinn agus atá ann cheana.

7. Cur chun feidhme agus faireachán

Tugtar leis an Acht treoirphlean le haghaidh cur chun feidhme agus faireacháin lena n-éascaítear cur i gcrích agus formhaoirseacht náisiúnta; cur chuige solúbtha; inoiriúnaitheacht áitiúil shaincheaptha; agus foghlaim agus aiseolas leanúnach.

Faoin Acht:

- Ní mór don **Oifig Náisiúnta** cláir oibre bhliantúla a ullmhú chun tacú le cur chun feidhme na straitéise seo.
- Ceadaíonn an **Grúpa Stiúrtha** na cláir oibre bhliantúla arna n-ullmhú ag an Oifig Náisiúnta, déanann sé faireachán ar chur chun feidhme na straitéise, agus déanann sé athbhreithniú agus meastóireacht ar a héifeachtacht. Ní mór don Ghrúpa Stiúrtha tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce freisin, rud a leagfar faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus a fhoilseofar ar www.gov.ie/communitysafety.
- Forbraíonn **Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta** pleananna áitiúla um shábháilteacht pobail i gcomhairle le pobail ina limistéar. Cé go bhforbraítear na pleananna saincheaptha sin go neamhspleách, ar leibhéal áitiúil, agus mar fhreagairt do riachtanais sábháilteachta pobail a shainaithnítear go háitiúil, déanann an Oifig Náisiúnta faireachán ar a gcur chun feidhme. Ar an tslí sin, tugtar deis chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an trasnú idir aidhmeanna straitéiseacha ardleibhéil an doiciméid seo agus soláthar ar an talamh ag Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta.

DRÁCHT

Beidh pleananna áitiúla ina stór ríthábhachtach idirghabhálacha fianaisebhunaithe. Feidhmeoidh an faireachán ar a gcur chun feidhme agus ar a dtionchar mar shásra cumhachtach le haghaidh meastóireacht a dhéanamh ar na cumasóirí sábháilteachta pobail atá leagtha amach sa straitéis náisiúnta.

- Féadfaidh **an tAire** agus **Airí iomchuí** eile athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis náisiúnta.[8]

8. Acmhainniú

Is ionann daoine agus acmhainn ríthábhachtach maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht pobail agus maidir leis an gcur chuige comhoibríoch a theastaíonn chun an feabhas sin a bhaint amach. Chun comhoibriú éifeachtach a áirithiú, is gá infheistíocht a dhéanamh san acmhainn, sna scileanna, sa cheannaireacht agus san am a theastaíonn chun gur féidir le seirbhísí poiblí, le pobail agus le geallsealbhóirí eile obair le chéile ar bhealach fiúntach marthanach. Beidh sé riachtanach tacú le rannpháirtíocht, le cothú caidreamh agus le hobair chomhpháirtíochta chun uaillmhianta na straitéise seo a bhaint amach.

Is ceangaltas acmhainní é an t-am a thugann oifigigh shinsearacha de chuid ranna rialtais agus comhlachtaí earnála poiblí don Ghrúpa Stiúrtha, agus is léiriú é ar an tábhacht a leagtar ar shábháilteacht pobail ar an leibhéal náisiúnta.

Is gá do na comhpháirtithe uile acmhainní daonna suntasacha a chur ar fáil freisin agus iad ag gníomhú mar chomhaltaí de Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta agus ag déanamh caidreamh leo, agus ní mór é sin a urramú agus a aithint mar rannchuidiú acmhainní. Comhpháirt ríthábhachtach ó thaobh ratha de a bheidh in ionadaithe earnála a chur ar fáil a mbeidh an t-am, na tacaí

[8] Luaitear san Acht go ndéanfaidh an tAire agus Airí iomchuí athbhreithniú ar an straitéis náisiúnta uair amháin ar a laghad i ngach tréimhse sé bliana ó fhoilsiú na straitéise.

agus an t-údarás acu chun na freagrachtaí atá orthu mar chomhaltaí de Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta a chomhlíonadh ina n-iomláine. Aithnítear freisin go mbíonn ionadaithe pobail ag déanamh rannchuidiú suntasach trína gcuid ama agus saineolais agus trína gcuid ceangail le guth an phobail.

Aithnítear sa Treoir maidir le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla a Oibriú arna heisiúint ag an Oifig Náisiúnta an tábhacht a bhaineann leis an rannchuidiú sin ó na comhaltaí uile trí 'Meas ar thaithí agus rannchuidiú na gcomhaltaí uile agus aitheantas don taithí agus rannchuidiú sin', rud atá ar cheann de na naoi dTreoirphrionsabal do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta.

Chomh maith leis sin, is é an toradh ba cheart a bheith ar chur chuige uile-rialtais uile-shochaí a chur chun feidhme go héifeachtach i leith sábháilteacht pobail ná acmhainní agus idirghabhálacha a spriocdhíriú ar na réimsí ina mbeidh an gá is mó leo agus ina mbeidh an tionchar is mó acu, agus cistí poiblí á n-úsáid ar bhealach níos éifeachtaí dá bharr sin.

Aithnítear freisin, áfach, go mbeidh iarracht mharthanach le cur isteach thar thréimhse ama chun tuiscint a ghnóthú agus aghaidh a thabhairt ar an anailís ar bhunchúiseanna is gá a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi chur chuige coisctheach. Chuige sin, beidh gá le hinfheistíocht chuí a dhéanamh ó thaobh ama agus acmhainní de agus lena aithint go bhféadfadh roinnt leaganacha den straitéis náisiúnta a bheith i gceist leis an obair sin.

DRAFT

9. Aguisíní

9.1. Aguisín I – Comhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha

Comhlacht is comhalta	Ról an ionadaí
Roinn an Taoisigh	Rúnaí Cúnta, Beartas Sóisialta agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí
An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais	Rúnaí Cúnta, Comhionannas, Óige agus Rannpháirtíocht
An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt	Stiúrthóir um an gClár Éire Ildánach
An Roinn Oideachais agus Óige	Rúnaí Cúnta, Cumarsáid, Fianaise, Straitéis agus Beartas
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna	Rúnaí Cúnta, Ceann an Rannáin um Beartas Ardoideachais
An Roinn Sláinte	Leas-Phríomhoifigeach Míochaine
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Rúnaí Cúnta, Rialtas Áitiúil
An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce	Rúnaí Cúnta, Ceann an Bheartais Ceartais Choiriúil
An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail)	Stiúrthóir (Comhalta ex-officio)
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta	Rúnaí Cúnta, Forbairt Pobail
An Garda Síochána	Coimisinéir Cúnta, Póilíneacht ar Bhóithre agus Caidreamh leis an bPobal

Comhlacht is comhalta	Ról an ionadaí
An Ghníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (Cuan)	Príomhfheidhmeannach
An Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach (Údaráis Áitiúla)	Cathaoirleach, Coiste Tuaithe, Pobail, Cultúir agus Oidhreachta an Chumainn Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
FSS	Stiúrthóir Náisiúnta, Rochtain agus Lánpháirtíocht
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla)	Stiúrthóir Náisiúnta um Sheirbhísí agus Lánpháirtíocht (Eatramhach)
An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail	Príomhfheidhmeannach

9.2. Aguisín II – an tírdhreach áitiúil – struchtúir agus cláir áitbhunaithe

Ainm	Tuairisc
Aoisbhá Éireann	Tacaíonn Seirbhís Chomhroinnte Aoisbhá Éireann le cathracha, contaetha agus bailte ar fud na hÉireann ullmhú d'aosú mear ár ndaonra trí aird mhéadaithe a thabhairt ar na tosca comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a imríonn tionchar ar shláinte agus folláine daoine scothaosta.
Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga	Is é atá i gCoistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga ná coistí ar leibhéal an chontae a thugann na

	príomhsholáthraithe reachtúla, pobail agus deonacha seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga le chéile.
Comhairle na nÓg	Is é atá i gComhairle na nÓg ná comhairlí leanaí agus óige sna 31 údarás áitiúla sa tír, a thugann deis do leanaí agus do dhaoine óga a bheith páirteach i seirbhísí agus beartais áitiúla a fhorbairt.
Ceangal ar son na Beatha	Is é Ceangal ar son na Beatha an beartas náisiúnta um fhéinmharú a laghdú. Tháinig sé chun deiridh sa bhliain 2024 agus tá sé á athrú chun dáta faoi láthair ag an Roinn Sláinte. Áirítear le struchtúr an bheartais deich bplean gníomhaíochta áitiúla um fhéinmharú a laghdú, atá ina gcomhpháirtíochtaí comhoibríocha a gcomhordaíonn an tOifigeach Acmhainní áitiúil um Fhéinmharú a Chosc de chuid FSS iad. Áirítear lena gcomhaltas an Garda Síochána, FSS, Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga, eagraíochtaí pobail, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, etc.
Éire Ildánach	Is é is Éire Ildánach ann ná clár cultúir agus folláine uile-rialtais a bhfuil sé mar aidhm aige daoine, áiteanna agus pobail a spreagadh agus a bhunathú chun feabhais tríd an gcruthaitheacht.
Éire Shláintiúil	Is é is Éire Shláintiúil ann ná tionscnamh rialtais a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar shláinte agus folláine gach duine a chónaíonn in Éirinn.
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil	Is é atá i gCoistí Forbartha Pobail Áitiúil ná coistí a bhunaítear i ngach limistéar údaráis áitiúil chun cur chuige comhtháite comhleanúnach a fhorbairt, a chomhordú agus

	a chur chun feidhme i leith forbairt áitiúil agus forbairt pobail. Glacann siad go léir cur chuige comhchosúil comhpháirtíochta ‘ón mbun aníos’ i leith an cur chuige sin a fhorbairt.
Cuideachtaí Forbartha Áitiúla	Is é atá i gCuideachtaí Forbartha Áitiúla ná cuideachtaí neamhbhrabúis a sholáthraíonn forbairt pobail agus tuaithe, gníomhachtú margaidh saothair, cuimsiú sóisialta, gníomhú ar son na haeráide, agus seirbhísí fiontar sóisialta. Baineann siad leas as samhail chomhpháirtíochta lena gcothaítear úinéireacht áitiúil agus lena soláthraítear réitigh áitbhunaithe.
Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt	Cabhraíonn Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt le daoine a bheith gníomhach, agus cuireann siad deireadh le bacainní ar an spórt agus ar ghníomhaíocht fhisiciúil.
Líonraí Rannpháirtíochta Pobail	Is é is Líonra Rannpháirtíochta Pobail ann ná líonra a chumasaíonn d’údaráis áitiúla nascadh le grúpaí pobail ar fud na tíre.
Tascfhórsaí Réigiúnacha agus Áitiúla Drugaí agus Alcóil	Cuireann tascfhórsaí áitiúla agus réigiúnacha drugaí agus alcóil an straitéis náisiúnta drugaí chun feidhme i gcomhthéacs riachtanais a limistéir áitiúil. Cuimsíonn na tascfhórsaí ionadaithe ó raon gníomhaireachtaí iomchuí, amhail FSS, an Garda Síochána, boird oideachais agus oiliúna, agus údaráis áitiúla. Cuimsíonn siad ionadaithe poiblí tofa agus ionadaithe ón earnáil dheonach agus pobail freisin.

DRAFT

Pobail Shláintiúla Sláintecare	Clár tionscnamh spriocdhírithe atá ceaptha chun an tsláinte fhoriomlán a chur chun cinn agus a fheabhsú i bpobail áirithe ina bhfuil comhchruinniú ar leith tosca riosca sláinte agus folláine (Pobail Shláintiúla Sláintecare - HSE.ie) Tá Oifigeach Forbartha Áitiúil um Pobail Shláintiúla ag gach ceann de na tionscnaimh spriocdhírithe sin, ar duine é nó í a oibríonn i gcomhar leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil.

9.3. Aguisín III – Comhairliúchán agus caidreamh

Bhain an Oifig Náisiúnta leas as treoir agus ionchur saineolach an Ghrúpa Stiúrtha chun plean comhairliúcháin agus caidrimh a dhearadh le haghaidh na straitéise náisiúnta. Tugadh faoi phróiseas atriallach, agus gach babhta caidrimh ag feidhmiú mar bhonn eolais faoin gcéad bhabhta eile. Bhí roinnt deiseanna ann chun rannchuidiú leis an straitéis agus aiseolas a thabhairt uirthi ar fud an phróisis sin. Tá tuairisc achomair orthu sin thíos.

9.3.1. Páipéar Saincheisteanna

Rinneadh athbhreithniú ar an litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta i réimse na sábháilteachta pobail chun tuiscint a fháil ar na fadhbanna ar gá aghaidh a thabhairt orthu agus chun réimsí téamacha tosaíochta a shainaithint chun sábháilteacht pobail a fheabhsú. Tugadh cuireadh do raon leathan geallsealbhóirí a bhfuil saineolas, oilteacht nó leas dílsithe acu maidir le saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht pobail aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh maidir leis na croíthéamaí sin. Tugadh deis don phobal freisin aighneachtaí a dhéanamh. Fuarthas 108 n-aighneacht aonair san iomlán ó 101 fhreagraí, a chuimsigh daoine aonair, eagraíochtaí, gníomhaireachtaí, agus ranna.

Is féidir amharc ar an bpáipéar saincheisteanna sin anseo.
Cliceáil anseo chun amharc ar na haighneachtaí i scríbhinn go léir



Fíor 1 – Aighneachtaí a fuarthas maidir leis an bpáipéar saincheisteanna sábháilteachta pobail

9.3.2. Fócasghrúpaí

Reáchtáladh deich bhfócasghrúpa shaincheaptha thrámabhunaithe le grúpaí sainaitheanta a bhféadfadh taithí shonrach ar shábháilteacht pobail a bheith acu idir mí na Samhna 2025 agus mí Eanáir 2026. Earcaíodh sainsoláthraí chun an ghné shaincheaptha sin den phróiseas comhairliúcháin a dhearadh agus a

sholáthar. D'fhreastail 73 rannpháirtí san iomlán orthu sin. Sainaithníodh na rannpháirtithe trí ghrúpaí ionadaíocha mar atá leagtha amach thíos:

Spriocghrúpa	Eagraíocht is Comhpháirtí
Daoine Scothaosta	Aoisbhá
Daoine óga	EPIC Youth
Cónaitheoirí Tuaithe	Muintir na Tíre
Daoine a bhfuil taithí fíorshaoil acu ar phríosún	Tosú
Daoine den phobal LADTA+	LADT Éireann
Daoine atá thíos le heaspa dídine	Novas
Daoine atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch	All Together in Dignity (ATD), Éire
Imircigh agus Dídeanaithe	Comhairle Dídeanaithe na hÉireann
Daoine a bhfuil Míchumas orthu	Líonra Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas
An Lucht Siúil agus an pobal Romach	Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann

9.3.3. Comhairliúcháin halla baile

Reáchtáil foireann na hOifige Náisiúnta sraith de sheacht gcomhairliúchán phearsanta agus ar líne idir mí Dheireadh Fómhair 2025 agus mí Feabhra 2026, atá liostaithe thíos. D'fhreastail 166 rannpháirtí orthu sin.

- An Iarmhí
- Gaillimh
- Baile Átha Cliath
- Loch Garman
- Luimneach
- Na hOileáin (ar líne)
- Náisiúnta (ar líne)

9.3.4. Teagmhálacha spriocdhírithe

Bhain foireann na hOifige Náisiúnta leas as líonraí, cruinnithe nó gníomhaíocht atá ann cheana agus a reáchtáiltear go pearsanta nó ar líne chun leas a bhaint as an saineolas atá ag gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus líonraí a bhfuil leas dílsithe acu i gcúrsaí sábháilteachta pobail. Chuathas i dteagmháil le breis agus 300 duine tríd an bpróiseas sin a mhair ó mhí Dheireadh Fómhair 2025 go mí Feabhra 2026. I measc na ngrúpaí/na n-eagraíochtaí a ndearnadh caidreamh leo bhí:

- Coiste Tuaithe, Pobail, Cultúir agus Oidhreachta an Chumainn Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
- Comhordaitheoirí Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga
- Ionadaithe d'Ionaid Acmhainní Teaghlaigh
- An Grúpa Comhairleach Náisiúnta LADTAI+
- Foirne Údaráis Áitiúil um Lánpháirtíocht
- Comhaltaí Coistí Forbartha Pobail Áitiúil
- Foirne Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla
- An Grúpa Tagartha Meabhairshláinte
- Grúpa Comhairleach an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais
- An Fóram um Shábháilteacht Tuaithe

9.3.5. Suirbhé ar líne

Baineadh leas as na gníomhaíochtaí comhairliúcháin thuasluaite agus as ionchur ón nGrúpa Stiúrtha agus suirbhé ar líne á fhorbairt. Dearadh an suirbhé chun tacú le daoine den phobal a dtuairimí a thabhairt maidir le sábháilteacht pobail. Ba dheonach a bhí rannpháirtíocht sa suirbhé, agus ní raibh sí bunaithe ar shampla ionadaíoch de dhaonra na hÉireann. Bhí an suirbhé ar oscailt do gach duine a chónaíonn i bPoblacht na hÉireann. Rinne an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh athbhreithniú air agus cuireadh é ar fáil i naoi dteanga.

DRÉACHT

Bhíothas in ann é a chur isteach i bhformáid pháipéir freisin. Bhí an suirbhé ar oscailt ar feadh trí seachtaine ón 5 Feabhra go dtí an 27 Feabhra 2026. Tá tuilleadh faisnéise faoin suirbhé ar fáil anseo.

9.3.6. Foilsiú na dréachtstraitéise náisiúnta

<le comhlánú tar éis anailís a dhéanamh ar na freagraí ar an dréachtstraitéis náisiúnta>

9.4. Aguisín IV - An Timpeallacht Beartais

Tá an cur chuige nua ar fad i leith sábháilteacht pobail bunaithe ar obair chomhpháirtíochta agus chomhoibríoch agus ar ailíniú straitéisí agus pleananna ar mhaithe le saincheisteanna sábháilteachta pobail a réiteach ar bhealach comhroinnte.

Tugtar sa rannán seo creat de na príomhstraitéisí agus de na príomhbheartais uile-rialtais ar féidir leo cabhrú linn cuspóirí agus fís na straitéise seo a bhaint amach, agus iad eagraithe ina gcúig chumasóir.

9.4.1. Pobail atá rathúil, ceangailte, agus cumhachtaithe

Beartais tacaíochta

- Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann 2026-2031 (le teacht)
- Pobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheacha agus Chumhachtaithe 2019-2024
- Seirbhísí Poiblí Níos Fearr
- Éire Óg
- Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021-2027
- Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2026-2030
- An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027
- Pleananna Áitiúla Spóirt
- Straitéis na hÉireann um Fhéinmharú agus Féindochar a Laghdú – Ceangal ar son na Beatha: 2026–2035

- Zero Tolerance: An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2022-2026

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

	SFI 3: Dea-shláinte agus folláine
	SFI 8: Obair chuibhiúil agus fás geilleagrach
	SFI 10: Neamhionannais a laghdú
	SFI 16: Síocháin, ceartas agus institiúidí láidre
	SFI 17: Comhpháirtíochtaí le haghaidh na spriocanna

9.4.2. Áiteanna agus spásanna atá sábháilte agus ionchuimsitheach

Beartais tacaíochta

- Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann 2026-2031 (le teacht)
- Tús Áite do Lár Bailte: Cur Chuige Beartais do Bhailte Éireannacha
- An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe
- Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021–2030
- Tithe á dTógáil, Pobail á gCothú 2025-2030
- An Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála 2019–2024
- Éire Shláintiúil – Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013–2025

DRAFT

- Ráiteas Straitéise Choimisiún na Meán 2025 - 2027
- Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail
- Soláthar Súgartha agus Áineasa Lasmuigh do Leanaí agus d'Ógánaigh: Athbhreithniú Náisiúnta d'Éirinn
- Beartais/straitéisí súgartha údaráis áitiúil
- An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027
- Pleananna Áitiúla Spóirt
- RÉIDH, SOCAIR, DÉAN! Beartas Náisiúnta Súgartha
- Áiteanna do Dhaoine: An Beartas Náisiúnta um Ailtireacht

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

	SFI 3: Dea-shláinte agus folláine
	SFI 10: Neamhionannais a laghdú
	SFI 11: Cathracha agus pobail inbhuanaithe
	SFI 10: Gníomhú ar son na haeráide
	SFI 16: Síocháin, ceartas agus institiúidí láidre
	SFI 17: Comhpháirtíochtaí le haghaidh na spriocanna

9.4.3. Freagairtí saincheaptha ar mhaithe le pobail níos sábháilte

Beartais tacaíochta

- An Straitéis Náisiúnta maidir le Sonraí Comhionannais 2026-2031
- Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2026-2030
- Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú LADTIA+ II 2024-2028
- Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh II (2024-2028)
- Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2025–2030
- An Straitéis Náisiúnta Míchumais
- An Straitéis DEIS go 2035
- Éire Óg
- Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021-2027
- Tithe á dTógáil, Pobail á gCothú 2025-2030
- Conairí a Thógáil le Chéile: Criminal Justice Reintegration Through Employment Strategy 2025-2027
- An Straitéis Náisiúnta Drugaí 2026-2029 (le teacht go luath)
- Straitéis na hÉireann um Fhéinmharú agus Féindochar a Laghdú – Ceangal ar son na Beatha: 2026–2035
- Zero Tolerance: An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2022-2026
- Lámhleabhar Beartais: Treoir 'Fíorshaoil' maidir le Forbairt Beartais, An Státseirbhís
- A Guide for Inclusive Community Engagement in Local Planning and Decision Making
- Treoirlínte maidir le Measúnacht Tionchair Bochtaineachta
- An Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a Chur Chun Feidhme
- Innéacs Díothachta Pobal

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

	SFI 1: Deireadh leis an mbochtaineacht
	SFI 5: Inscne

DRAFT

	SFI 10: Neamhionannais a laghdú
	SFI 11: Cathracha agus pobail inbhuanaithe
	SFI 16: Síocháin, ceartas agus institiúidí láidre
	Comhpháirtíochtaí le haghaidh na spriocanna

9.4.4. Seirbhísí poiblí atá freagrúil, comhoibríoch agus ag feidhmiú go maith

Beartais tacaíochta

- Éire Shláintiúil – Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013–2025
- An Straitéis Náisiúnta maidir le Sonraí Comhionannais 2026-2031
- Ár Seirbhís Phoiblí 2020 - Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2020
- Seirbhísí Poiblí Níos Fearr: Straitéis chlaochlaithe chun seachadadh don phobal agus muinín a chothú
- An Creat Náisiúnta Pleanála
- Tosaíochtaí Póilíneachta an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail don Gharda Síochána
- Comhfhís: Beartas Meabhairshláinte do Chách
- An Straitéis Náisiúnta Drugaí 2026-2029 (le teacht)
- Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht
- Hub na nÓg | Guthanna Daoine Óga sa Chinnteoireacht
- Comhphrótacal Oibre don Gharda Síochána/Tusla

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

	SFI 4: Oideachas den scoth
	SFI 10: Neamhionannais a laghdú
	SFI 11: Cathracha agus pobail inbhuanaithe
	SFI 16: Síocháin, ceartas agus institiúidí láidre
	SFI 17: Comhpháirtíochtaí le haghaidh na spriocanna

9.4.5. Cinnteoireacht fhianaisebhunaithe

Beartais tacaíochta

- An Straitéis Náisiúnta maidir le Sonraí Comhionannais 2026-2031
- Éire Shláintiúil: Ár nÁit, Ár dTodhchaí. Uirlis Caighdeán Áite d'Éirinn
- Straitéis Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh 2026-2028
- Straitéis Sonraí Oscailte 2023-2027
- Seirbhísí Poiblí Níos Fearr: Straitéis chlaochlaithe chun seachadadh don phobal agus muinín a chothú

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

	SFI 10: Neamhionannais a laghdú

DRÉACHT

	SFI 11: Cathracha agus pobail inbhuanaithe
	SFI 16: Síocháin, ceartas agus institiúidí láidre
	SFI 17: Comhpháirtíochtaí le haghaidh na spriocanna

DRÉACHT